# *Múineadh na Gaeilge: Amharclann an Léitheora*

(Reader's Theatre)

## Cúlra

Is Sampla é seo ó rang ilghrád a trí agus a ceathair i scoil faoin tuath a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla. Tá ceithre pháiste déag sa rang agus tá siad go léir ag foghlaim na Gaeilge mar an dara teanga acu. Léiríonn an físeán seo Amharclann an Léitheora á húsáid i gceacht Gaeilge. Is **cur chuige éifeachtach**, **bunaithe ar thaighde** é Amharclann an Léitheora chun líofacht léitheoireachta a fheabhsú ó thaobh **cruinnis**, **ráta léitheoireachta** agus **prosóide** (léiriú le linn léimh) de agus is féidir leis a bheith mar **chuid** de **chlár cuimsitheach theagasc na léitheoireachta Gaeilge**.

D'úsáid an múinteoir san fhíseán seo **scéalta sí iomráiteacha le scripteanna simplí** as Gaeilge. De réir mar ba ghá, **chuir an múinteoir na scripteanna in oiriúint dá rang agus a leibhéal léitheoireachta**. Mhair idirghabháil Amharclann an Léitheora ar feadh sé seachtaine agus úsáideadh script dhifriúil gach seachtain.

## Múineadh trí Mheán na Gaeilge

Tabhair faoi deara gur ***Gaeilge amháin*** a labhraíonn an múinteoir san fhíseán. Is **bunphrionsabal** é seo de **theagasc agus foghlaim rathúil na teanga breise**. Ní hamháin go gcinntítear tuilleadh teagmhála leis an teanga, ach tugtar deis don mhúinteoir dea-shampla de Ghaeilge chruinn, chruthaitheach agus líofa a léiriú.

## Amharclann an Léitheora

In Amharclann an Léitheora, tarlaíonn **léitheoireacht leanúnach** (*repeated reading*) ar an téacs céanna thar roinnt mhaith laethanta. Déantar an léitheoireacht leanúnach ar bhealaí éagsúla, agus glacann na páistí páirt i gcineál difriúil léitheoireachta gach lá (an léitheoireacht mhúnlaithe, an léitheoireacht mhacallach, an léitheoireacht chórúil, an léitheoireacht neamhspleách). Ar an lá deireanach bíonn léiriú den téacs ann. Cinntíonn an cur chuige seo go mbíonn an deis ag na páistí na **focail agus frásaí céanna a léamh agus a léamh arís** go dtí gur féidir leo iad a **léamh go cruinn agus le líofacht**. Déantar **scafláil** ar léitheoireacht na bpáistí, le tuilleadh cabhrach ag an tús chun ullmhú don léitheoireacht neamhspleách níos déanaí.

### Léitheoireacht mhúnlaithe

Léann an múinteoir an script amach líne ar líne, ag tagairt do phictiúir an scéil chun cabhrú leis na páistí an scéal a thuiscint.

### Léitheoireacht mhacallach

Arís, léann an múinteoir an script amach líne ar líne, ach an uair seo, léann na páistí gach líne amach ina diaidh, díreach cosúil le macalla.

### Léitheoireacht chórúil

Tugtar carachtar/ páirt an scéil do gach páiste. Léann na páistí leis an gcuid chéanna na línte cuí le chéile. Faoin tráth seo, is féidir leis an múinteoir tús a chur le tuilleadh béime a leagan ar chruinneas agus prosóid (léiriú le linn léimh).

### Léitheoireacht neamhspleách

Cruthaítear grúpaí, le carachtar/ páirt amháin i ngach grúpa. Léann gach grúpa a script, le gach páiste ag léamh amach a gcuid chuí go neamhspleách. Siúlann an múinteoir thart ar na grúpaí ar fad chun cruinneas agus prosóid a chinntiú.

### Léiriú

Ar an lá deireanach, cuireann gach grúpa a script i láthair an ranga. Faoin tráth seo, ba cheart go mbeadh na páistí ag léamh le cruinneas maith, líofacht agus prosóid. Ar mhaithe le cinntiú go mbíonn Amharclann an Léitheora simplí i gcónaí (agus taitneamhach dá bharr sin) ní gá go mbeadh aon phrapa, feisteas ná seit casta sa léiriú seo.



## Ullmhúchán don Teagasc agus don Fhoghlaim

Agus an múinteoir ag ullmhú don teagasc agus don fhoghlaim, baineann sí leas as an ***gcur amach atá aici ar na páistí*** (m.sh. na chéad chéimeanna eile ina gcuid foghlama), ***an cur amach atá aici ar an gcuraclam*** (Torthaí Foghlama a roghnú, féach thíos) agus ***an cur amach atá aici ar an oideolaíocht*** (m.sh. scafláil foghlama, Amharclann an Léitheora). Áirítear leis an ***ullmhúchán dofheicthe*** a dhéanann sí na hidirghníomhaíochtaí ó nóiméad go nóiméad leis na páistí agus na breathnuithe a dhéanann sí ina leith, mar aon leis na comhráite a bhíonn aici le múinteoirí eile lena n-áirítear an Múinteoir Oideachais Speisialta. Bíonn tionchar ag an eolas seo ar an bhfoghlaim amach anseo. Áirítear leis an ***ullmhúchán infheicthe*** a dhéanann an múinteoir na hacmhainní a bhailíonn sí chun an fhoghlaim a fheabhsú. San ***ullmhúchán taifeadta*** a dhéanann sí, dírítear ar na Torthaí Foghlama i gcomhréir leis na Contanaim Dul chun Cinn. Tagann na Torthaí foghlama a roghnaíodh thíos ón snáithe Léitheoireachta.

| Torthaí Foghlama | Fócas na foghlama nua |
|---|---|
| **TF 1:**<br>Rannpháirtíocht | Glacfaidh na páistí páirt i ngníomhaíochtaí éagsúla léitheoireachta |
| **TF 6:**<br>Stór focal | Sealbhóidh na páistí roinnt frásaí agus foclóir nua ón téacs |
| **TF 3.**<br>Gnásanna Cló agus struchtúr abairte | Aithneoidh agus úsáidfidh na páistí réimse gnásanna cló i gcomhthéacs (lena n-áirítear lánstad, comhartha uaillbhreasa, comhartha ceiste srl.) |
| **TF 10.**<br>Líofacht agus féin cheartú | Léifidh na páistí an téacs ag an luas ceart agus le tuiscint, agus déanfaidh siad féin-cheartú nuair is cuí |

## Eispéireas Foghlama 1

Caitheann an múinteoir an chéad chuid den cheacht **ag déanamh dul siar ar fhocail agus frásaí ón script a múineadh dóibh cheana agus ag cur focal / frásaí nua os a gcomhair**. Múintear iad seo tríd an teagasc díreach agus ina dhiaidh sin bíonn gníomhaíochta éagsúla ann chun deis a thabhairt do na páistí na focail/ frásaí seo a chleachtadh. Baintear úsáid as **an t-athrá**, **gníomhartha** agus **tacaíochtaí fisiúla**. Ansin caitheann an múinteoir am ag obair ar **fhuaim ar leith** ('ch'), agus déantar tagairt do **rialacha gramadaí go neamhfhoirmiúil** (an + 'h' do na focail bhaininscneacha, sa + 'h').

Bíonn focail/frásaí an lae le feiceáil sa seomra ranga agus **luaitear go neamhfhoirmiúil i rith na seachtaine**




**iad** chun a chinntiú go mbítear i dtaithí orthu agus chun tuilleadh deiseanna cleachtaidh a chur ar fáil.

## Eispéireas Foghlama 2

Ina dhiaidh sin, feictear na páistí ag glacadh páirt i **réimse leathan gníomhaíochtaí éagsúla léitheoireachta leanúnaí**. Léirítear réimse leagain amach na léitheoireachta éagsúla san fhíseán chun blaiseadh de gach ceann díobh a thabhairt don lucht féachana. In aon rang amháin, áfach, níor cheart don mhúinteoir ach **ceann amháin de na gníomhaíochtaí léitheoireachta leanúnaí** a úsáid (an léitheoireacht mhúnlaithe, an léitheoireacht mhacallach, an léitheoireacht chórúil, an léitheoireacht neamhspleách nó léiriú). Déantar cur síos orthu seo sa chuid 'Amharclann an Léitheora' ar leathanach 1 den cháipéis seo.

## Léiriú ar an bhFoghlaim

Bíonn an múinteoir i mbun **breathnaithe** fad is atá na páistí ag léamh. De réir mar is gá, déanann sí **ath-mhúineadh** ar fhocail nár fhuaimníodh i gceart nó léiríonn sí **prosóid** agus **líofacht**. Nuair a chríochnaíonn na páistí a léitheoireacht, leagann an múinteoir béim ar fhocail/ fhuaimeanna nár fhuaimníodh i gceart go minic sa script. Déantar **ath-mhúineadh agus cleachtadh** orthu ansin.

## Ceisteanna Machnaimh

1. Mar a luadh cheana, is féidir le hAmharclann an Léitheora a bheith mar **chuid** de chlár léitheoireachta éifeachtúla na Gaeilge. Céard iad na cleachtais teagaisc eile a chuirfeadh leis an gcur chuige seo?
2. Forbraíonn Amharclann an Léitheora líofacht an léitheora ó thaobh cruinnis, ráta léitheoireachta agus prosóide de. Céard iad na buntáistí eile a chuireann sé ar fáil dar leat, go háirithe maidir leis an nGaeilge a mhúineadh mar T2 (spreagadh na ndaltaí, muinín, feabhas i snáitheanna eile srl.)
3. Cén chaoi ar féidir cúlraí teanga éagsúla agus teangacha baile na bpáistí a thabhairt isteach in idirghabháil Amharclann an Léitheora as Gaeilge?

Le féachaint ar na físeáin a bhaineann leis an bhFaisnéis Tacaíochta seo cliceáil anseo